



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0290(NLE)

12652/22
ADD 1

SAN 524

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 474 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Moladh Ón gComhairle maidir le cosc a neartú trí luathbhrathadóireacht: Cur chuige nua an Aontais maidir le scagthástáil le haghaidh ailse a ghabhann ionad Mholadh 2003/878/CE ón Comhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 474 final.

Faoi iamh: COM(2022) 474 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.9.2022
COM(2022) 474 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Moladh Ón gComhairle

**maidir le cosc a neartú trí luathbhrathadóireacht: Cur chuige nua an Aontais maidir le
scagthástáil le haghaidh ailse
a ghabhann ionad Mholadh 2003/878/CE ón Comhairle**

{SWD(2022) 296 final}

IARSCRÍBHINN

Scagthástálacha le haghaidh ailse, a chomhlíonann ceanglais an mholta agus a ndéanfar sonraíochtaí teicniúla a shonrú tuilleadh ina leith i dtreoirilínte Eorpacha lena bhfuil dearbhú cáilíochta:

Ailse chíche:

Scagthástáil le haghaidh ailse chíche do mhná idir 45 agus 74 bliain d'aois le mamagrafaíocht dhigiteach nó tomáisintéis chíche dhigiteach¹, agus do mhná a bhfuil cíche an-dlúth orthu, breithnigh ar íomháu athshondais mhaighnéadaigh (MRI) nuair is cuí.

Ailse cheirbheacs:

Tástáil le haghaidh papalómaivíreas daonna (HPV) do mhná 30 go 65 bliain d'aois le heatramh 5 bliana nó níos mó, agus smaoinigh ar aois agus eatraimh a oiriúnú do riosca aonair bunaithe ar stair vacsaínithe HPV na ndaoine aonair.

Ailse cholaireicteach:

Meastar gurb é an tástáil imdhíoncheimiceach faecais (FIT), cainníochtúil le tairseacha a shainítear de réir inscne agus aoise agus toradh tástála níos luaithe an scagthástáil is fearr chun daoine aonair idir 50 agus 74 bliain d'aois a tharchur chuig ionscópacht leantach ar an drólann. Féadfar ionscópacht a ghlacadh mar phríomhuirlis chun straitéisí comhcheangailte a chur i bhfeidhm.

Ailse scamhóg:

Agus an fhianaise ar scagthástáil ag baint úsáide as tomagrafaíocht ríofa íseal-dáileoige, agus an gá atá le cur chuige céim ar chéim á gcur san áireamh, ba cheart do thíortha tús a chur le tástáil a dhéanamh ar indéantacht an chláir sin trí úsáid a bhaint as staidéir cur chun feidhme mar aon le straitéisí idirghabhála scoir den tobac a bheidh pleanáilte agus eagraithe, ag tosú le caiteoirí reatha agus iarchaiteoirí a scoir den tabac sna 15 bliana roimhe sin, atá idir 50 agus 75 bliana d'aois agus a bhfuil stair chaite 30 bliain-pacáiste acu (arb ionann é agus 20 toitín in aghaidh an lae a chaitheamh ar feadh 30 bliain)².

Ailse phróstataigh:

Agus an fhianaise agus an méid suntasach de scagthástáil tráthúil leanúnach á gcur san áireamh, ba cheart do thíortha cur chuige céim ar chéim a ghlacadh, lena n-áirítear píolótú agus tuilleadh taighde chun meastóireacht a dhéanamh ar indéantacht chur chun feidhme na gclár³ eagraithe a dhírítear ar bhainistiú agus ar cháilíocht iomchuí a áirithiú ar bhonn tástáil antaiginí a bhaineann go sonrach le próstatach d'fhir suas le 70 bliain d'aois, i gcomhar le híomháu athshondais mhaighnéadaigh (MRI) breise mar thástáil leantach.

Ailse ghastrach:

Ba cheart scagthástáil le haghaidh *Helicobacter pylori* a bhreithniú sna tíortha nó sna réigiúin sin laistigh de thíortha a bhfuil rátaí arda ailse gastráil agus rátaí báis iontu, de réir na dtairseacha atá le sainiú i dtreoirilínte Eorpacha lena bhfuil dearbhú cáilíochta. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh sa scagthástáil freisin ar straitéisí chun othair a bhfuil loit bholg réamhailseacha orthu nach mbaineann le hionfhabhtuithe *Helicobacter pylori* a shainaithint agus faireachas a dhéanamh orthu.

¹ [Treoirilínte Eorpacha maidir le scagthástáil agus diagnóis ailse cíche |ECIBC \(europa.eu\)](https://ecibc.europa.eu/)

² [Scagthástáil – SAPEA](https://www.sapea.eu/)

³ [cancer-screening-workshop-report-01.pdf \(sapea.info\)](https://www.sapea.eu/cancer-screening-workshop-report-01.pdf)

Nuair a chuirtear san áireamh an fhianaise ar scagthástáil agus an gá atá le cur chuige céim ar chéim, ba cheart do thíortha tosú le tástáil a dhéanamh ar indéantacht an chláir seo, lena n-áirítear trí staidéir chur chun feidhme a úsáid.